

An Bhruiséil, 10 Iúil 2025
(OR. en)

11269/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0201 (NLE)**

PECHE 200

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 369 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 369 final.

Faoi iamh: COM(2025) 369 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2025
COM(2025) 369 final

2025/0201 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (CCI) idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach¹ an 30 Deireadh Fómhair 2007 agus tháinig sé i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2011 ar feadh tréimhse 4 bliana. Tá an Comhaontú in-athnuaite go hintuigthe ar feadh tréimhsí 4 bliana, agus dá bhrí sin tá sé fós i bhfeidhm. Bhí Prótacal 5 bliana maidir le Cur Chun Feidhme an CCI ann roimhe seo: tháinig sé i bhfeidhm an 19 Nollaig 2019 agus chuaigh sé in éag an 18 Nollaig 2024.

Ar bhonn Chinneadh ón gComhairle an 10 Meán Fómhair 2024 lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh i dtaca le Prótacal nua maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh le Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe, agus ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta atá ann, rinne an Coimisiún caibidlíocht le rialtas Phoblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe ('São Tomé agus Príncipe'). Tugadh an chaibidlíocht sin i gcrích agus chuir na hidirbheartaithe inisealacha le Prótacal an 9 Aibreán 2025. Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 4 bliana ó dháta an chur i bhfeidhm shealadaigh a leagtar síos in Airteagal 19 de, is é sin an dáta a shíníonn na Páirtithe é.

Is é is cuspóir don togra seo síniú an Phrótacail Cur Chun Feidhme a údarú.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é príomhaidhm an Phrótacail nua creat nuashonraithe a sholáthar agus tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe agus a ghné sheachtrach á gcur san áireamh, d'fhonn leanúint leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus São Tomé agus Príncipe i réimse an iascaigh agus í a threisiú.

Tugann an Prótacal deiseanna iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais Eorpaigh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus le rúin agus moltaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Bhunaigh an Coimisiún a sheasamh i bpáirt ar thorthaí meastóireachta a rinneadh ar an bPrótacal roimhe seo (2019-2024), agus ar mheastóireacht réamhbhreathnaitheach maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart Prótacal nua a thabhairt i gcrích. Is saineolaithe seachtracha a thug faoi na measúnuithe sin. Ina theannta sin, is é is aidhm dó feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus São Tomé agus Príncipe chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun acmhainn iascaigh a shaothrú ar bhealach freagrach i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus san Aigéan Atlantach, ar mhaithe leis na Páirtithe. Ina theannta sin, leis an gcomhar sin, cuideofar le dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn le linn gníomhaíochtaí iascaireachta.

Leis an bPrótacal nua, déanfar foráil maidir le deiseanna iascaireachta sna catagóirí seo a leanas:

¹ IO L 205, 7.8.2007, lch. 36; Eli http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2007/894/oj

- 26 bhád saighne tuinníní;
- 9 mbád spiléireachta dromchla;
- soithí tacaíochta i gcomhréir le rúin ábhartha CICTA agus leis na teorainneacha a leagtar amach i reachtaíocht São Tomé agus Príncipe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá caibidliú Prótacail nua maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh le São Tomé agus Príncipe ina chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais i leith thíortha Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), agus cuirtear san áireamh ann go háirithe cuspóirí an Aontais maidir le fás eacnamaíoch inbhuanaithe, forbairt dhaonna agus shóisialta, an t-athrú aeráide a chomhrac, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus urraim do phrionsabail dhaonlathacha agus do chearta an duine.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh agus Airteagal 218(5) CFAE maidir le síniú comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha agus an fhéidearthacht iad a chur i bhfeidhm go sealadach.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí tríú tír, mar a leagtar amach in Airteagal 31 den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Tá sé i gcomhréir leis na forálacha sin chomh maith leis na forálacha maidir le cúnaimh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2024, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2019-2024 a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh a tugadh i gcrích le São Tomé agus Príncipe chomh maith le meastóireacht *ex ante* ar Phrótacal nua d'fhéadfaí a bheith ann². Leagtar amach

² An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, F&S, POSEIDON, Defaux, V. agus Caillart, B., *Évaluation rétrospective du Protocole de mise en œuvre de l'accord de partenariat dans le domaine de la pêche entre l'Union européenne et la République de Sao Tomé-et-Príncipe et prospective d'un éventuel futur protocole – Rapport final*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, <https://data.europa.eu/doi/10.2771/264668>.

conclúidí na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante* sin i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin³.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil suim mhór ag earnáil iascaigh an Aontais an deis a bheith aici a gníomhaíocht a dhéanamh in São Tomé agus Príncipe agus go bhfuil Prótacal nua chun leasa an dá Pháirtí. Ina theannta sin, leis an bPrótacal nua, chuideofaí le faireachán, rialú agus faireachas a neartú agus chuideofaí le rialachas ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sa réigiún a fheabhsú.

Maidir leis an Aontas, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí ionstraim ar bun lena gceadófaí dlúthchomhar earnála le himreoir mór a bhfuil tionchar mór aige i rialachas aigéan ar an leibhéal fo-réigiúnach mar gheall ar mhéid an limistéir iascaireachta atá faoina dhlinse. Le neartú an chaidrimh le São Tomé agus Príncipe, beifear in ann comhghuaillíochtaí a thógáil faoi chuimsiú CICTA freisin. Ina theannta sin, i gcás chabhlach an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn sé sin go gcoinneofar rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta chun straitéisí saothraithe a chur i bhfeidhm faoi chreat dlí idirnáisiúnta ilbhliantúil. I gcás údarais São Tomé agus Príncipe, is é an aidhm atá ann leanúint den chaidreamh leis an Aontas Eorpach chun rialachas na n-aigéan a neartú, tairbhe a bhaint as tacaíocht earnála thiomnaithe lena gcuirtear deiseanna maoinithe ilbhliantúla ar fáil, agus tionsclú earnáil an athchóirithe a chur ar bun trí bhíthin gníomhaíocht na soithí, mar chuid d'éagsúlú a gheilleagair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe ar an earnáil, le heagraíochtaí idirnáisiúnta de chuid na sochaí sibhialta agus le córas riaracháin iascaigh agus ionadaithe ar shochaí shibhialta São Tomé agus Príncipe. Eagraíodh comhairliúcháin freisin i gcomhthéacs na Comhairle Comhairlí um an Iascaireacht Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31(10) den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

³ DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN a ghabhann leis an doiciméad: Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraithear tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh i dtaca le Prótacal nua maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh le Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe, agus i dtaca le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh nó ar théacs nua de Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?uri=CELEX%3A52024SC0177&qid=1424957307348>.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an gcomhaontú a caibidlíodh, foráiltear maidir le clásal a bhaineann le hiarmhairtí na sárúithe ar na heilimintí fíor-riachtanacha d’Airteagal 9 de Chomhaontú Shamó⁴, eilimintí a bhaineann le cearta daonna.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 825 000 an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil, bunaithe ar na nithe seo a leanas:

a) méid bliantúil EUR 325 000 le haghaidh rochtain ar an acmhainn iascaigh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, atá coibhéiseach le tonnáiste tagartha 6 500 tona in aghaidh na bliana, maidir le speicis mhórimirceacha;

b) tacaíocht do bheartas iascaigh earnála São Tomé agus Príncipe a fhorbairt, ar fiú EUR 500 000 in aghaidh na bliana í. Leis an tacaíocht sin, comhlíontar cuspóirí an Phlean Straitéisigh maidir le hIascach São Tomé agus Príncipe.

Déantar an méid bliantúil le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhunú le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca le haghaidh prótacail nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana⁵.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil maidir leis na socruithe faireacháin sa chomhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe agus sa phrótacal chur chun feidhme a ghabhann leis.

⁴ Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltáí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L, 2023/2862, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2023/2862/oj).

⁵ I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha, pointe 20 (IO L 433I, 22.12.2020, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinsti/2020/1222/oj).

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 23 Iúil 2007, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 894/2007¹, maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach² (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta) a thabhairt i gcrích. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2011.
- (2) Chuaigh an Prótacal roimhe seo maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe in éag an 18 Nollaig 2024.
- (3) An 10 Meán Fómhair 2024, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe d’fhonn Prótacal nua maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe (‘an Prótacal’) a bhunú.
- (4) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an bPrótacal an 9 Aibreán 2025.
- (5) Is é is cuspóir don Phrótacal é a chur ar a gcumas do shoithí de chuid an Aontais Eorpaigh iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus é a chur ar a gcumas don Aontas agus do Phoblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe oibriú níos dlúithe le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt, saothrú fóna acmhainne iascaigh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus san Aigéan Atlantach a chur chun cinn, agus rannchuidiú le dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (7) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus an ghá atá ann an tréimhse ina gcuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a laghdú a mhéid is

¹ IO L 205, 7.8.2007, lch. 35, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2007/894/oj>.

² IO L 205, 7.8.2007, lgh. 36-39, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2007/894/oj

féidir, ba cheart feidhm shealadach a bheith ag an bPrótacal, tráth a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

- (8) I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Comhaontú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (9) Ós rud é go maireann an Prótacal le São Tomé agus Príncipe ar feadh níos mó ná bliain airgeadais amháin, féadfar na gealltanais bhuiséadacha lena mbaineann a scaipeadh thar thréimhse an Phrótacail i gcás íocaíochtaí bliantúla, i gcomhréir le hAirteagal 112(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.
- (10) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ agus thug sé tuairim uaidh an [dáta],

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, formheastar an Prótacal maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) ('an Prótacal') a shíniú, thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an ghnímh sin.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

I gcomhréir le hAirteagal 19 den Phrótacal, ba cheart an Prótacal sin a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, ó dháta a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

³ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>)

⁴ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1.	COMHTHÉACS AN TOGRA.....	1
•	Forais agus cuspóirí an togra	1
•	Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana	1
•	Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais.....	2
2.	BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH	2
•	Bunús dlí	2
•	Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach).....	2
•	Comhréireacht	2
3.	TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ <i>EX POST</i> , Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR.....	2
•	Meastóireachtaí <i>ex post</i> /seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana....	2
•	Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara	3
•	Bailiú agus úsáid saineolais	3
•	Measúnú tionchair	3
•	Oiriúnacht rialála agus simpliú	3
•	Ceartha bunúsacha	4
4.	IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA	4
5.	EILIMINTÍ EILE	4
•	Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe	4
1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	9
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	9
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	9
1.3.	Cuspóirí	9
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	9
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	9
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	10
1.3.4.	Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar	10
1.4.	Baineann an togra/tionscnamh le:	10
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	10
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	10
1.5.2.	Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais.....	11
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	11

1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	11
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	12
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	12
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA	13
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe	13
2.2.	Córas bainistíochta agus rialaithe	13
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	13
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú	13
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh an (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	13
2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc	14
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	15
3.1.	Na ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar	15
3.2.	An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	16
3.2.1.	An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	16
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	19
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe de chineál riaracháin	20
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach	22
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	24
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	24
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe	24
3.3.	An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam	25
4.	GNÉITHE DIGITEACHA	25
4.1.	Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha	25
4.2.	Sonraí	26
4.3.	Réitigh dhigiteacha	28
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta	28
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	28

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

08 – Talmhaíocht agus Beartas Muirí

08 05 – Comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (CCIIInna) agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBIInna)

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais Eorpaigh in uiscí tríú tíortha

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Trí chaibidlíocht a dhéanamh ar na comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (CCIIInna) le tríú tíortha agus iad a thabhairt i gcrích, comhlíontar an cuspóir ginearálta maidir le rochtain a thabhairt do shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh ar limistéir iascaireachta tríú tíortha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na tíortha sin d'fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainne iascaigh a neartú lasmuigh d'uisce an Aontais Eorpaigh.

Leis na CCIIInna, áirithítear freisin comhsheasmhacht idir na prionsabail lena rialaítear an comhbheartas iascaigh agus na gealltanais a rinneadh faoi bheartais Eorpacha eile [úsáid inbhuanaithe acmhainní tríú tíortha, an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (NNN), comhtháthú na dtíortha comhpháirtíochta sa gheilleagar domhanda, rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe i ngach gné, agus rialachas polaitiúil agus airgeadais níos fearr ar iascaigh].

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh.º1

Cur le hiascaireacht inbhuanaithe in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad, láithreach Eorpach a choinneáil ar bun in iascaigh i bhfarraigí i bhfad i gcéin agus leasanna earnáil iascaigh na hEorpa agus tomhaltóirí a chosaint trí idirbheartaíocht agus CCIIInna a thabhairt i gcrích le Stáit chósta, i gcomhréir le beartais Eorpacha eile.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais Eorpaigh in uiscí tríú tíortha

1.3.3. *An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

Le tabhairt i gcrích an Phrótacail Cur Chun Feidhme, leantar den chomhpháirtíocht straitéiseach i réimse an iascaigh idir an tAontas Eorpach agus São Tomé agus Príncipe agus treisítear í. Le tabhairt i gcrích an Phrótacail, cruthófar deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe.

Ina theannta sin, leis an bPrótacal, is fearr a dhéanfar an acmhainn iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, trí thacaíocht airgeadais (tacaíocht earnála) a chur ar fáil chun cláir arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta ag an tír chomhpháirtíochta a chur chun feidhme, go háirithe an Plean Cuimsitheach Iascaigh, faireachas a dhéanamh ar an iascaireacht neamhdhleathach agus an comhrac ina haghaidh agus tacaíocht a thabhairt d'earnáil an iascaigh ar mionscála.

Ar deireadh, leis an bPrótacal, cuirfear le saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní mairí in São Tomé agus Príncipe agus le geilleagar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, trí fhás gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leis an iascaireacht a chur chun cinn agus dálaí oibre cuibhiúla a leagan síos.

1.3.4. *Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar*

Rátaí úsáide deiseanna iascaireachta (glacadh bliantúil na n- údaruithe iascaireachta mar chéatadán den infhaighteacht faoin bPrótacal).

Sonraí maidir le gabhálacha (bailiú agus anailisiú) agus luach tráchtála an Chomhaontaithe.

Ranníocaíocht le fostaíocht agus dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh agus le breisluach san Aontas agus le margadh an Aontais a chobhsú (go comhiomlán le CCIInna eile).

Tacaíocht leis an tír chomhpháirtíochta chun feabhas a chur ar thaighde, faireachas agus rialú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ar fhorbairt a hearnála iascaigh, go háirithe an earnáil a bhaineann le hiascaigh ar mionscála.

1.4. **Baineann an togra/tionscnamh le:**

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart¹

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. **Foras an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Foráiltear go mbeidh feidhm ag an bPrótacal nua Cur Chun Feidhme go sealadach ón dáta a shíneofar é d'fhonn an tréimhse nach féidir oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh lena linn a laghdú.

¹ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b), den Rialachán Airgeadais.

Leis an bPrótacal nua cuirfear creat ar fáil do ghníomhaíochtaí iascaireachta chabhlach an Aontais i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe, agus tabharfar údarú d'úinéirí soithí de chuid an Aontais iarratas a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta chun dul i mbun iascaireachta sa limistéar sin. Ina theannta sin, leis an bPrótacal nua, cuirfear feabhas ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus São Tomé agus Príncipe d'fhonn forbairt ar bheartas iascaigh inbhuanaithe i ngach gné a chur chun cinn. Foráiltear ann, go háirithe, go ndéanfar faireachán ar shoithí trí VMS agus go dtarchuirfear sonraí gabhála go leictreonach. Leis an tacaíocht earnála atá ar fáil faoin bPrótacal, cuideofar le São Tomé agus Príncipe i gcomhthéacs a straitéise náisiúnta um iascach, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh na hiascaireachta NNN, agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaireachta. Cuirfear tús leis an gcur chun feidhme tráth a shínithe agus ar feadh tréimhse 4 bliana.

1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais

Mura dtabharfaidh an tAontas comhaontú nua i gcrích, ní fhéadfaidh soithí de chuid an Aontais leanúint dá ngníomhaíochtaí iascaireachta ós rud é go bhfuil clásal sa Chomhaontú reatha lena n-eisiatar gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil sa chreat a shainítear le prótacal a ghabhann leis an gComhaontú. Dá bhrí sin, tá an luach breise do chabhlach fadraoin an Aontais Eorpaigh an-soiléir. Leis an bPrótacal, cuirtear creat ar fáil freisin maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus São Tomé agus Príncipe.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

De thoradh na hanailíse ar ghabhálacha a fuarthas i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe san am atá thart, agus ar na measúnuithe agus ar an gcomhairle eolaíoch atá ar fáil, tá na Páirtithe in ann tonnáiste tagartha a shocrú le haghaidh tuinníní agus speicis cosúil le tuinnín arb ionann é agus 6500 tona in aghaidh na bliana le deiseanna iascaireachta le haghaidh 26 bhád saighne tuinníní agus 9 mbád spiléireachta. Socraíodh tacaíocht earnála ar ardleibhéal chun tosaíochtaí na straitéise iascaigh náisiúnta agus saothrú acmhainní nádúrtha a chur san áireamh.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Na cistí a sholáthraítear mar chúiteamh airgeadais le haghaidh rochtain faoin CCII, is ioncam inmhalartaithe i mbuiséad náisiúnta São Tomé agus Príncipe iad. Mar sin féin, is gá cistí atá beartaithe le haghaidh tacaíocht earnála a leithdháileadh (de ghnáth trína thabhairt isteach sa dlí buiséadach bliantúil) ar an Aireacht atá freagrach as an iascach, chun na CCIIInna a thabhairt i gcrích agus faireachán a dhéanamh orthu. Tá na hacmhainní airgeadais sin comhoiriúnach le foinsí maoinithe eile ó dheontóirí idirnáisiúnta eile chun tionscadail agus/nó cláir a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta in earnáil an iascaigh.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☒ **tréimhse theoranta**

- ☒ Togra/tionscnamh is infheidhme ó dháta a shínithe in 2025 agus go ceann 4 bliana, go dtí 2029
- ☒ Tionchar airgeadais ó 2025 go 2028

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme²

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☒ Ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 211 agus 212 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

[...]

² Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: [Rialachán Airgeadais an Aontais - an Coimisiún Eorpach](#).

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Áiritheoidh an Coimisiún (AS MARE, i gcomhar lena *attaché* iascaigh, arb é atá freagrach as São Tomé agus Príncipe, agus i gcomhar le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin), áiritheoidh sé go ndéanfar faireachán tráthrialta ar chur chun feidhme an Phrótacail a mhéid a bhaineann leis an úsáid a bhaineann oibreoirí as na deiseanna iascaireachta, sonraí gabhála agus comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le tacaíocht eanála.

Ina theannta sin, déantar foráil sa CCII maidir le cruinniú den Chomhchoiste, cruinniú a reáchtálfar uair amháin sa bhliain ar a laghad agus a ndéanfaidh an Coimisiún agus São Tomé agus Príncipe athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an Phrótacail lena linn agus, más gá, déanfaidh siad na cláir agus an ranníocaíocht airgeadais a choigeartú.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí iocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear iocaíochtaí chun feidhme ar bhealach díchúpláilte maidir leis an ranníocaíocht le haghaidh rochtana agus an ranníocaíocht le haghaidh tacaíocht eanála.

Déanfar na híocaíochtaí le haghaidh rochtana ar bhonn bliantúil ar dháta comórtha an Phrótacail, ach amháin sa chéad bhliain, nuair a dhéanfar an iocaíocht sna 3 mhí tar éis thús an chur i bhfeidhm shealadaigh. Déanfar rochtain ar shoithí a rialú trí údaruithe iascaireachta a eisiúint.

Íocfar an tacaíocht den chéad uair laistigh de 3 mhí tar éis thús an chur i bhfeidhm shealadaigh, faoi réir comhaontú ar an gclár cur chun feidhme bliantúil agus ilbhliantúil; sna blianta ina dhiaidh sin, is ar na torthaí a bhainfear amach a bheidh sí ag brath. Déanfar faireachán ar na torthaí a baineadh amach agus ar an ráta cur chun feidhme de réir na dtreoirlínte maidir le Tacaíocht Eanála a Chur Chun Feidhme le haghaidh Bheartas Iascaigh São Tomé agus Príncipe atá le comhaontú ag na Páirtithe, ar bhonn tuarascálacha nó fianaise dhoiciméadach arna soláthar ag an tír chomhpháirtíochta agus iniúchtaí teicniúla a dhéanfaidh an *attaché* iascaigh.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is é an riosca a aithníodh tearc-úsáid na ndeiseanna iascaireachta ag úinéirí soithí de chuid an Aontais agus tearc-úsáid nó úsáid mhall ag São Tomé agus Príncipe as cistí atá beartaithe chun an beartas iascaigh eanála a mhaoiniú. Tá idirphlé forleathan beartaithe maidir le clárú agus cur chun feidhme an bheartais eanála a leagtar síos sa Chomhaontú agus sa Phrótacal. Tá faireachán comhpháirteach ar thorthaí, dá dtagraítear in Airteagal 7 den Phrótacal, mar chuid de na modhanna rialaithe sin freisin. Ina theannta sin, tá clásail shonracha sa Chomhaontú agus sa Phrótacal maidir lena gcur ar fionraí, faoi choinníollacha áirithe agus in imthosca áirithe.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí*

gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

Tá íocaíocht na gcostas rochtana faoi Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIIInna) faoi réir seiceálacha arb é is aidhm dóibh comhlíonadh forálacha comhaontuithe idirnáisiúnta a áirithiú. Tá seiceálacha a bhaineann le tacaíocht earnála dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta sin. Is iad baill foirne an Choimisiúin a dhéanfaidh an faireachán i dToscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus le linn cruinnithe Comhchoistí. Úsáidtear maitrís chlársceidealaithe ilbhliantúil chun an dul chun cinn a mheas. Mura bhfuil dul chun cinn leordhóthanach ann, cuirfear íocaíocht an chéad tráinse eile ar fionraí nó b'fhéidir go laghdófaí í. Meastar gurb é costas fhoriomlán na seiceálacha ar na CCIIInna uile 1,8 % (de na ranníocaíochtaí in 2018). Tá na nósanna imeachta maidir le seiceálacha ar CCIIInna bunaithe go príomha ar riachtanais rialála fhíor-riachtanacha. Mura mbraitear aon easnamh a d'fhéadfadh tionchar nach beag a imirt ar dhlíthiúlacht agus rialacht na n-idirbheart airgeadais, measfar go bhfuil na seiceálacha éifeachtach.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.

Gabhann an Coimisiún air féin go mbunófar idirphlé polaitiúil agus comhordú rialta le São Tomé agus Príncipe chun bainistiú an Chomhaontaithe agus an Phrótacail a fheabhsú, agus tacaíocht an Aontais do bhainistiú acmhainní inbhuanaithe a neartú. Aon íocaíocht a dhéanann an Coimisiún faoi CCII, is faoi réir rialacha caighdeánacha agus nósanna imeachta buiséid agus airgeadais an Choimisiúin a dhéanfar í. Go háirithe, aithnítear cuntais bhainc na dtríú tíortha a n-íocfar an ranníocaíocht airgeadais iontu. Foráiltear le hAirteagal 6 den Phrótacal nach mór go n-íocfar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh rochtana agus an ranníocaíocht atá beartaithe chun an earnáil a fhorbairt isteach i gcuntas Státchiste agus i gcuntas an Chiste Forbartha Iascaigh, faoi seach. Áirítear in Airteagal 6 agus i bhFoscúbhinn 7 forálacha maidir le cistí a íocadh go mícheart a aisghabháil.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Na ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁽¹⁾	ó thíortha de chuid CSTE ²	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach ^{a3}	ó thíortha eile	ioncam sannta eile
	08.05.01 Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais Eorpaigh in uiscí tríú tíortha (CCII)	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n- iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimh. [...][Ceannteideal.....]	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach ^{a4}	ó thíortha eile	ioncam sannta eile
		LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

¹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

² CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

³ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

⁴ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil:	Uimh. 2	Fás inbhuanaithe: acmhainní nádúrtha
--	---------	--------------------------------------

AS MARE			Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Bliain 2028	IOMLÁN
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid 08.05.01	Gealltanais	(1)	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
	Íocaíochtaí	(2)	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as an imchlúdach na gclár sonrach ¹							
IOMLÁN na leithreasuithe i gcomhair AS MARE	Gealltanais	=1+1a +3	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300

¹ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

	Íocaíochtaí	=2+2a +3	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
	Íocaíochtaí	(5)	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)					
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 2 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin

IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
	Íocaíochtaí	(5)	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)					
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil:	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	cuir isteach na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
AS: <.....>									
○ Acmhainní daonna									
○ Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN AS <....>		Leithreasuithe							

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na n-íocaíochtaí)					
---	---	--	--	--	--	--

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

		Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Bliain 2028	IOMLÁN
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300
	Íocaíochtaí	0,825	0,825	0,825	0,825	3,300

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		Bliain 2028				IOMLÁN
	ASCHUIR												
	Cineál 1	Meán chostas	Uimh.	Costas	Uimh.	Costas	Uimh.	Costas	Uimh.	Costas	Uimh.	Costas	Costas iomlán
↓													
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ² ...													
- Rochtain an		0,325		0,325		0,325		0,325		0,325			1,300
- Tacaíocht		0,500		0,500		0,500		0,500		0,500			2,000
- Aschur													
Fo-iomlán: cuspóir sonrach Uimh. 1				0,825		0,825		0,825		0,825			3,300
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...													
- Aschur													
Fo-iomlán: cuspóir sonrach Uimh. 2													
COSTAS IOMLÁN				0,825		0,825		0,825		0,825			3,300

¹ Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

² Mar a thugtar tuairise air i gcuid 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’.

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin.
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

	Bliain N ¹	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	cuir isteach na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	--------------------------	---------------	---------------	---------------	--	--------

CEANTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas riaracháin eile								
Fo-iomlán CHEANNTIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 5² den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN								
---------------	--	--	--	--	--	--	--	--

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh na n-acmhainní daonna agus an chaiteachais eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun

¹ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

² Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	cuir isteach na blianta ar fad a theastaí onn le fad an tioncha ir a thaispe áint (féach pointe 1.6)
○ Poist sa phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)					
XX 01 01 02 (toscaireachtaí)					
XX 01 05 01 (taighde indíreach)					
10 01 05 01 (taighde díreach)					
○ Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha - FTE)¹					
XX 01 02 01 (AC, END, INT ón imchlúdach iomlánaíoch)					
XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JED sna toscaireachtaí)					
XX 01 04 ^{yy} ²	- sa cheanncheathrú				
	- i dtoscaireachtaí				
XX 01 05 02 (AC, END, INT – taighde indíreach)					
10 01 05 02 (AC, END, INT – taighde díreach)					
Líne bhuiséid eile (sonraigh)					
IOMLÁN					

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhiart faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséid.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus foireann shealadach	
-----------------------------------	--

¹ AC = Ball foirne ar conradh; AL = Foireann áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

² Fo-uasteorainneacha d'fhoireann sheachtrach arna gcumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Na réitigh dhigiteacha a úsáidtear chun an Prótacal a chur chun feidhme, is ann dóibh cheana, agus tá siad á gcur chun feidhme cheana féin don Phrótacal roimhe seo agus do chomhaontuithe iascaigh eile, chomh maith le cur chun feidhme Rialacháin 1224/2009¹ agus 2403/2017². Ní bhaineann infheistíochtaí i gcothabháil agus i bhfeabhsú fheidhmiúlachtaí na n-uirlisí digiteacha sin go sonrach leis an bprótacal seo.

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).

Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha. Tá sé beartaithe an líne chúlchiste 30.020200 a úsáid le haghaidh na méideanna a luaitear i mír 3.2.5.

- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

- ☒ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.
- Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	cuir isteach na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhainithe								
IOMLÁN na leithreasuithe cómhainithe								

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú (IO L 343, 22.12.2009, lgh. 1-50, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/2024-10-11>).

² Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lgh. 81-104, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2403/oj>).

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ³					
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	cuir isteach na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	
Airteagal							

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n- imrítear tionchar orthu.

[...]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[...]

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha

Ceanglas tuairiscithe	Tuairisc	Úsáid na teicneolaíochta digití
Sonraí suímh an tsoithigh (Airteagal 14(2)(b) den Phrótacal, Caibidil IV, Roinn 2, den Iarscríbhinn, agus Foscíbhinn 5)	Beidh gléas um fhaireachán an tsoithigh feistithe ar an soitheach agus soláthróidh sé go tráthrialta an fhaisnéis lena sainaitnítear an soitheach, a shuíomh, a chúrsa agus a luas (sonraí VMS).	Is ea, trí VMS
Logleabhair iascaireachta leictreonacha (Airteagal 14(2)(b) den Phrótacal, Caibidil III, Roinn 1, den Iarscríbhinn, agus Foscíbhinn 5)	Ní mór don chaptaen sonraí gabhála a thaifeadadh ar bhonn laethúil i logleabhar iascaireachta leictreonach atá comhtháite i gcóras taifeadta agus tuairiscithe leictreonach (ERS).	Is ea, ERS

³

A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

Iarrataí ar údarú le haghaidh na soithí (Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal, Caibidil II, Roinn 1, mír 2)	Úsáidfear bunachar sonraí d'údaruithe chun iarratas a dhéanamh ar údarú iascaireachta ón tír chomhpháirtíochta.	Is ea, trí LICENCE
Tarchur laethúil na sonraí (Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal, Caibidil III, Roinn 1, agus Foscríbhinn 5)	Tarchuirfear sonraí an logleabhair iascaireachta leictreonaigh go huathoibríoch agus ar bhonn laethúil chuig lárionad faireacháin iascaigh (LFI) an Stáit brataí.	Is ea, ERS
Dul isteach sa limistéar iascaireachta agus imeacht as, réamhfhógraí agus dearbhuithe maidir le tabhairt i dtír agus trasloingsiú (Airteagal 14(2)(b) den Phrotacal, Caibidil IV, Roinn 1 agus Roinn 4 den Iarscríbhinn)	Gach dul isteach sa limistéar iascaireachta agus gach imeacht as a thaifeadadh agus a tharchur tríd an ERS nó trí mhodh leictreonach cumarsáide eile.	Is ea, ERS
Sonraí comhiomlánaithe ráithiúla	Cuirfidh an Stát brataí cainníochtaí comhiomlánaithe na ngabhálacha agus na n-ábhar muirí aischurtha ar fáil don Choimisiún Eorpach ar bhonn ráithiúil.	Níl sé sonraithe sa chomhaontú déthaobhach ach soláthrófar na sonraí i mbunachar sonraí digiteach (Tuairisciú Díchill agus Gabhála, TDG)
Slándáil sonraí	Déanfar sonraí maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a phróiseáil ar bhealach rúnda slán.	Is ea, éilíonn sé córais shlána bogearraí

4.2. Sonraí

Tá na príomhcheanglais tuairiscithe bunaithe ar an teicneolaíocht dhigiteach, go háirithe tríd an gCóras um Fhaireachán Soithí (VMS, lena dtarchuirtear suíomhanna agus aitheantas soithí) agus trí tharchur uathoibríoch laethúil na logleabhar iascaireachta leictreonach (ERS, lena dtarchuirtear a ghabhálacha agus sainaitheanta, logánaithe agus cainníochtaithe).

Sna tuarascálacha ráithiúla agus bliantúla maidir le gabhálacha, úsáidtear bunachar sonraí uimhriúil intuigthe chun sonraí a chomhiomlánú (bunachar TDG), ar bunachar é a gcuireann na Ballstáit bhrataí sonraí ann.

Cosaint sonraí agus príobháideachtas:

- Leagtar béim sa chomhaontú ar a thábhachtaí atá sé sonraí pearsanta a chosaint. Áiríteofar leis na bearta sonraithe go ndéanfar na sonraí a chomhroinntear le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a phróiseáil go sábháilte, i gcomhréir le

ceanglais RGCS agus i gcomhréir leis an gcuspóir beartais geilleagar digiteach atá slán agus iomaíoch a chruthú.

Comhroinnt sonraí agus trédhearcacht:

- Spreagann an comhaontú comhroinnt sonraí idir São Tomé agus Príncipe agus an tAontas, rud a chuireann trédhearcacht agus cuntasacht chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaireachta. Léiríonn sé sin cuspóir na Straitéise Eorpaí maidir le Sonraí feabhas a chur ar rochtain ar shonraí agus ar úsáid sonraí, rud a éascaíonn an chinnteoireacht níos fearr agus bainistiú acmhainní níos fearr.

Prionsabal na hAonuaire a bhreithniú

- Ní luaitear prionsabal na haonuaire, ach ní sholáthraítear an fhaisnéis a chuireann oibreoirí ar fáil ach uair amháin do na húdaráis phoiblí, i gcomhréir le prionsabal fhreagracht an Stáit brataí: bailíonn sé sonraí a thagann ó shoithí agus coinníonn sé i mbunachair sonraí VMS agus ERS iad, córas is féidir páirtithe éagsúla iad a úsáid, íoslaghdaíonn sé iomarcaíocht agus ualach riaracháin, rud a fhágann gur féidir na sonraí céanna a úsáid chun roinnt ceanglas tuairiscithe atá ar na húdaráis éagsúla a chomhlíonadh.

Prionsabail FAIR: Findable, Accessible, Interoperable, and Reusable (inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte)

So-aimsitheacht:

- Trí chórais leictreonacha tuairiscithe a thabhairt isteach, áirithítear go ndéantar sonraí a chatalógú agus gur féidir iad a chuardach ar bhealach córasach, rud a chuidíonn lena fhágáil gur féidir na sonraí a aimsiú go héasca. Le córais uathoibrithe amhail ERS, is féidir cartlannú struchtúrtha sonraí a dhéanamh, rud atá i gcomhréir leis an tso-aimsitheacht atá ina cuid de phrionsabail FAIR.

Inrochtaineacht:

- Ní mór rochtain a bheith ag eintitis údaráithe ar shonraí trí ardáin dhigiteacha shlána, rud lenar féidir an chomhroinnt fíor-ama agus lena n-íoslaghdaítear bacainní nach bhfuil gá leo. Áirithítear leis an inrochtaineacht rialaithe sin go mbeidh rochtain ag na gníomhaithe cearta ar fhaisnéis de réir mar is gá, i gcomhréir le prionsabail FAIR.

Idir-inoibritheacht:

- Nuair a úsáidtear an fhormáid NA/FLUX chun sonraí a mhalartú, cuirtear feabhas ar an idir-inoibritheacht. Leis an gcaighdeánú sin, is féidir le córais éagsúla sonraí a chomhroinnt agus a úsáid go rianúil, rud a chomhlíonann ceann de phríomhchuspóirí phrionsabail FAIR.

In-athúsáidteacht:

- Trí chaighdeáin cháilíochta a shonrú agus trí bhainistiú slán sonraí sa Chomhaontú, is dóchúla go mbeidh sonraí ar ardcháilíocht agus, dá bhrí sin, go mbeidh siad in-athúsáidte ar mhaithe le cuspóirí éagsúla amhail taighde eolaíoch, forbairt beartais agus bainistiú iascaigh. Trí ardcháilíocht sonraí agus comhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta a áirithiú, cuirtear athúsáid chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla, agus ar an gcaoi sin comhlíontar an in-athúsáidteacht, atá ina cuid de phrionsabail FAIR.
- I mbeagán focal, tá ceanglais an chomhaontaithe dhéthaobhaigh ailínithe leis an straitéis Eorpach maidir le sonraí trí chosaint sonraí fheabhsaithe, comhroinnt

mhéadaithe agus cur chun feidhme na gcóras digiteach. Cuirtear san áireamh iontu prionsabal na haonuaire trí líon na sonraí iomarcacha a chuirtear isteach a laghdú agus ailíniú le prionsabail FAIR chun a áirithiú go ndéantar sonraí a bhainistiú go maith ionas gur féidir úsáid leathan a bhaint astu ar mhaithe le raon leathan cuspóirí.

4.3. Réitigh dhigiteacha

- Is iad na príomhréitigh dhigiteacha a úsáidtear VMS, ERS, LICENCE agus TDG, ar réitigh dhigiteacha iad atá ann cheana maidir le rialú iascaigh arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún Eorpach agus arna n-úsáid ag na Ballstáit bhrataí.
- De ghnáth déantar na sonraí a shainithnítear in 4.1 a mhalartú leis na réitigh dhigiteacha sin idir soitheach (oibreoir de chuid an Aontais) agus a Stát brataí, agus ansin idir an tAontas agus an tír chomhpháirtíochta (go háirithe idir lárionaid faireacháin iascaigh, ar comhlachtaí rialaithe stáit iad).
- Díorthaítear sonraí comhiomlánaithe ó thuairisciú oibreoirí chuig an mBallstát brataí, a dhéanann iad a phróiseáil arís agus a chur le bunachar sonraí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (Tuairisciú Díchill agus Gabhála, TDG)
- Baineann sonraí ó bhunachar sonraí Cabhlaigh (clár iascaireachta an Aontais) agus bunachar sonraí LICENCE le hiarratais ar údaruithe iascaireachta a sheoltar chuig an tír chomhpháirtíochta, a chuireann an Coimisiún Eorpach ar aghaidh ansin chuig an tír chomhpháirtíochta.

Cad iad na bearta atá i bhfeidhm chun sonraí a tharchuirtear go digiteach a chosaint?

Sonraítear sa Chomhaontú an gá atá le sonraí a láimhseáil ar bhealach slán rúnda (Foscúbhinn 6).

An bhfuil plan ann chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna sna córais dhigiteacha?

Tá, déantar foráil maidir le modhanna cumarsáide malartacha i gcás ina dteipeann ar an gcóras leanúnachas tuairiscithe a áirithiú (Foscúbhinn 5).

Amlíne chun córais dhigiteacha a chur chun feidhme?

Meastar go mbunófar ERS laistigh de 12 mhí ó dháta sínithe an chomhaontaithe, agus go ndéanfar coigeartuithe laistigh de 6 mhí i gcás leasuithe ar chaighdeán.

4.4 Measúnú idir-inoibritheachta

Nuair a úsáidtear an fhormáid NA/FLUX chun sonraí a mhalartú, cuirtear feabhas ar an idir-inoibritheacht. Leis an gcaighdeánú sin, is féidir le córais éagsúla sonraí a chomhroinnt agus a úsáid go rianúil.

4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Cuireann an Coimisiún Eorpach tacaíocht ar fáil don chur chun feidhme.